



**BÍ AR D'AIRE - COIMEÁD FOLLÁIN!**

**TAOBH ISTIGH:**

Ceacht beag	2
Haváí	2
Béarlachas na Fraincise	2
Dugthailte BhÁC	3
Scéal grinn	3
Aillte an Mhóthair	3
Scleárais iolrach agus an Ghaeilge	4
Empire State building	4
Agatha Christie	5
Siúlóirí na hAoine	5
An siopa Carthanais	6
Is mise Calamity Jane!	6
Bunreacht ShAM lochtach	7
Ag glaach ar scríbhneoirí	7
Ré úr don Ríocht Aontaithe	
Triúr a rugadh	8
Ebola	9
LÉ Samuel Beckett	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Cumann Ghaolta 1916	11
Na Curaidh	12
Tús maith	12



# AN TAOBH Ó THUaidh

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*


IMLEABHAR 1 EAGRÁN 10 DEIREADH FÓMHAIR 2014

## FÁILTE ROIMH AN DEASCÉAL

Bhí *Inniu, Amárach, Anois, Lá, Lá Nua, Foinse*, agus *Gaelscéal* againn, iad uile ag iarraidh nós léitheoireachta nuachta i nGaeilge a spreagadh agus a chothú i measc na nGaeilgeoirí. Faraor, níor éirigh leo. Is dócha go bhfuil rudaí ag athrú do na nuachtáin **Bhéarla** freisin. Deirtear go bhfuil ré na nuachtán **páipéir** ag dru- idim chun **deiridh**. Seo aois an ghréasáin, **na nguthán** cliste agus na **ngléasanna táibléid**. Sa lá atá inniu ann bíonn na

leabhair agus na nuachtáin á léamh ag an aos óg i bhfoirm leictreonach in ionad mar fhocail ar **páipéir**. **Mar sin**, cuirimid fáilte **mhór** roimh **bhreith tionscadail** nua i nGaeilge, nuachtán ar an **ngréasán, tuairisc.ie**, nó mar a thugann sé **air féin** “*seirbhís nuachta*”. Tá raon **d’ábhair clúdaithe** sa chéad eagrán - nuacht, tuairimíocht, spóirt, **cultúr**, saol

(eolaíocht agus faisean), **cúrsaí pobail, ábhair d’fhoghlaimoírí** agus greann. **Bíonn** caibidil as úrscéal **á** scríobh **ag** Pól Ó Muirí, Cath, le léamh i ngach eagrán agus fuaimrian le cloisteáil **ó Dhara** Ó Cinnéide i mbun léitheoireachta. **Acmhainn shármhaith í** seo d’**fhoghlaimoírí** na teanga. Tá alt suimiúil scríofa ag Póilín Ní Chiaráin faoi **chúrsaí** i Stormont a ba cheart inní a chur ar rialtais na hÉireann agus na Breataine. Tá Póilín mar dhuine de na **hiriseoirí** is **fearr** in Éir- inn agus cuireann sí go mór le haon tionscadal nuachta. Táimid ag éisteacht le agus ag athchraoladh achainí eagarthóra Tuairisc.ie, Seán Tadhg Ó Gairbhí, “Scaipigí an scéal, le bhur dtoil”. Do na seanfhondúirí lena dtaitníonn **an páipéar** idir na lámha acu fós tá *An Taobh ó Thuaidh* le fáil gach mí ar €1!



## CÁINEADH AR AN DROCHSCÉAL

Thug mé cuairt ar Halla na Cathrach le déanaí agus nuair a bhí mé ann chuaigh mé síos go dtí na bogtaí (**vaults**) chun féachaint ar thaispeántas ilmheánach (**multimedia**) atá ann, “Halla na Cathrach Bhaile Átha Cliath: Scéal na Príomhchathrach”. Tá cur síos ann ar stair na cathrach ó aimsir na Lochlannach go dtí an lá atá inniu ann. Deirtear go bhfuil treoraithe fuaimne agus bileoga le fáil i mBéarla, i nGaeilge, sa Ghearmáinis, sa Spáinnis, agus sa Fhraincis. Déanaim comhghairdeas leo faoi seo. Faraor, sa taispeántas féin níl an Ghaeilge le feiceáil ar aon cheann de na fógraí. Tá siad go léir i mBéarla amháin. Is masla é seo do Ghaeilgeoirí na cathrach. Ba cheart go mbeidh stádas níos mó ag an nGaeilge ná ag an nGearmáinis sa chathair seo, stádas ar chomhchéim ar a laghad leis an mBéarla. Seol ríomhphost chuig do chomhairleoirí faoin scannal seo.



## CEACHT BEAG NA GAEILGE: CONAS A RÁ GO BHFUIL TÚ AG DÉANAMH RUD ÉIGIN AG AN NÓIMÉAD SEO



Tá a fhios againn go léir conas a rá go bhfuil tú ag déanamh rud éigin: *táim ag scríobh cárta poist / tá an bhean ag cniotáil geansai*, srl.

Ach nuair a deir tú le duine *'tá mé ag scríobh cárta poist'*, d'fhéadfadh sé a rá nó an cheist a chur – cathain, anois, amárach nó an tseachtain seo chugainn?

Agus freisin, *tá an bhean ag cniotáil geansai* – cathain - inniu, amárach, nó i gceann coicíse?

Má theastaíonn uait a rá go bhfuil tú ag déanamh é anois díreach ag an nóiméad seo, níl le déanamh agat ach 'á' a chur isteach roimh an mbriathar. Mar shampla: má deir tú go bhfuil *'litir á scríobh agat'* / *'geansai á chniotáil ag an mbean'* – ciallaíonn sé sin go bhfuil tú i mbun gnímh / go bhfuil an rud á dhéanamh agat ag an nóiméad sin agus tú ag caint.

Seo roinnt abairtí eile ina léirítear an tuiscint go soiléir:

*tá paidir á rá aici / tá sí i mbun paidreoireachta / she is saying a prayer right now*

*tá nuachtán á léamh ag Seán / tá Seán i mbun léimh / Seán is reading right now*


## HAVÁÍ / HAWAII

Cad tá a fhios againn faoin oileán Hawaii? Má bhíonn suim agat sa stair beidh a fhios agat faoin ionsaí na Seapánach ar an oileán an 6 Nollag 1941. Cuimhneoidh tú freisin, b'fhéidir, ar an scannán sin *"Blue Hawaii"* le hElvis Presley nó ar an tsraith *"Hawaii Five-O"* le Jack Lord sna seachtóidí agus ar an athdhéanamh dó atá ar an scáileán beag san am i láthair. Beidh a fhios agat freisin go bhfuil Haváí ina 50ú stát S.A.M. Ach maidir le cultúr agus pobal de, cén t-eolas atá againn fúithi? Is daoine an Aigéin Chiúin iad agus tá cultúr fada acu. Tá teanga faoi leith acu freisin - an Haváis. (*Aloha*, ciallaíonn sin *'Dia duit!'*). Is teanga Pholainéiseach í atá labhartha den chuid is mó ar oileán beag amháin. Is brónach a rá go bhfuil staid na Háváise i saol na ndaoine níos measa ná staid na Gaeilge in Éirinn, nó curtha i slí eile, tá an Ghaeilge i bhfad níos sláintiúla ná an Haváis. Níl an Haváis á labhairt mar theanga laethúil ach ag níos lú ná 0.1% den phobail, an tromlach ar an t-oileán beag Níihau nach bhfuil ach pobal dúchasach de cúpla céad duine ann. Agus is mór an trúa sin, mar is eol duinn Éireannaigh go léir - nuair a chailltear teanga cailltear níos mó ná focail. Tá na cosúlachtaí leis an nGaeilge an-fheiceálach. Tá scoileanna 'lán-Haváiseach' curtha ar bun sna hoileáin agus táthar ag déanamh iarracht a dteanga dhúchas a chaomhnú ach is é an Béarla an teanga is mó labhartha ann. Tá ranganna ar fáil go forleathan dóibh siúd ar mhaith leo an teanga a fhoghlaim agus chun daoine óga a mhealladh ina treo. Nach bhfuil an-tuiscint againn anseo ar an scéal sin. É sin ráite tá foclóir Háváiseach - Béarla agus Béarla - Háváiseach ann le fada agus is féidir rud amháin a rá faoi Údarais na n-oileán agus is é sin go bhfuil fhios acu ar a laghad go bhfuil an teanga ann agus caitheann gur ábhar dóchais é sin.



## LA LUTTE CONTRE LE FRANGLAIS – BÉARLACHAS NA BHFRANCISE

Tá na Francaigh an-bhródúil as a dteanga. Bunaíodh an *Académie Française* sa 17ú aois chun an Francis a fhorbairt agus focail nua a chumadh. Fiú ag an am sin bhíodar feasach ar na contúirtí don Fhraincis ó fhocail iasachta. Agus níos déanaí i 1975 foilsíodh dlí darb ainm *'le loi Bas-Lauriol'* inar rinneadh an Fhraincis amháin éigeantach i gcúrsaí gnó, taistil, sna meáin agus sonrascú comhlachtaí móra, srl. In ainneoin



seo, cloistear focal Béarla in úsáid fós inniu ach taispeáineann sé go dtuigtear baol an Franglais ó thaobh truailliú na teanga de. Tá a macasamhail de thuiscint ag teastáil go géar in Éirinn.

## DUGTHAILTE BHAILE ÁTHA CLIATH



Sna tríocha nó daichead bliain atá imithe **thart** tá ceantar amháin i mBaile Átha Cliath ina bhfuil an t-uafás **forbartha** tar éis **tarlaithe**. Is é sin Na Dugthailte (**The Docklands**). Ar an taobh ó thuaidh agus an taobh ó dheas d'Abhainn na Life tá áiteanna a bhí imithe ó rath (**rundown**) agus ina spásanna **gránna gruama** agus **iad** ina **ngráin** súl (**eyesores**) le **seantrádstórais** (**old warehouses**), le láithreáin thréigthe (**derelect sites**), le canálacha salacha, srl., le feiscint. Bhí beartas ag an rialtas ag an am **limistéar** na **ndugaí** a fheabhsú ó áit a bhí imithe ó rath ina áit **bhreá** nua den scoth (**showpiece**) do Bhaile Átha Cliath.

Chuirge sin, bunaíodh **Údarás** Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath (**The Dublin Docklands Development Authority**) sa bhliain 1997 chun tabhairt faoin obair. Don té nach bhfuil na Dugthailte feicthe aige le fada **bheadh** an-ionadh agus moladh air as an éacht atá déanta ann. Is áit do-aitheanta í sna laethanta seo ón áit ina raibh sí fadó. Téann an LUAS ó na Dugthailte go Tamhlacht má theastaíonn síob **dheas** traenach uait!

Ba é rún an rialtais Ionad Airgeadais Idirnáisiúnta (**International Financial Centre**) a **lonnú** ann agus tá sé sin **bainte** amach acu. Bhí sé mar rún acu freisin go mbeadh daoine **ina gcónaí** sa cheantar ionas nach mbeadh cuma '**mharbh**' air sna hoícheanta **nuair** a **bheadh** na **hoibrithe** oifige imithe abhaile. Tá sé deacair a **chreidiúint** go bhfuil idir 20,000 agus 30,000 duine ina gcónaí ann nó ag obair sna Dugthailte.

Ach ní áit oibre amháin atá inti. Tá neart proinntithe, siopaí, **óstán** agus **bealaí** siúlóide inti chomh maith agus an **amharclann Bhord** Gais. Ach is é an **foirgneamh** is mó a tharraingíonn aird an duine air **ná** an **Ionad** Comhdhála (**Conference Centre**) ar **bhruach na habhann**, áit ar **fhreastal** Banríon Éilis II **ceolchoirm** ann le linn a cuairt oifigiúla chun na tíre seo sa bhliain 2011. Tá sé seo suite níos faide - thiar **theas** den **Jeanie Johnston** – an long a thug imircigh chuig na **Stáit** san 18ú **haois**. Tagann na **Tall Ships** ann go minic agus le linn na bliana bíonn **feiseanna** éagsúla ann. Cloistear anois go bhfuil forbairt eile beartaithe. Agus cad eile atá beartaithe? Bhuel, tá an Ghaeilge á forbairt ann faoi láthair le bunú '**Coffee Morning(s)**' as

## SCÉAL GRINN NA MÍOSA - AN SEILIDE BOCHT!

Tá an fear seo ina shuí sa bhaile ag breathnú ar ag teilifís. Cloiseann sé cnag ag an doras. Osclaíonn sé an doras agus feiceann sé seilide ar an bpóirse. Tógann sé aníos ina lámh é agus caitheann sé uaidh é chomh fada agus is féidir leis. Trí bliana níos déanaí tá cnag ag an doras arís. Osclaíonn sé é agus tá an seilide ceannan céanna ann á rá: "*In ainm Chroim - cad ba chúis leis sin?*"

ag breathnú ar an... - *watching the...*

cnag – *a knock*

seilide – *a snail*

caitheann sé uaidh é - *he throws it (away)*

chomh fada agus is féidir leis - *as far as he can*

"*In ainm Chroim, cad ba chúis leis sin?*" – "*What the hell was that all about?*"



## AILLTE AN MHOHAIR

Is beag duine nach dtéann chuig Aillte an Mhothair agus é nó gCo. an Chláir. Is áit í nach ndéanfaí dearmad riamh uirthi toisc an iargúltacht agus an áilleacht fhiáin a bhaineann léi.



Chomh maith leis sin, is féidir leis an turasóir cuairt a thabhairt ar Thúr an Bhrianaigh (**O'Brien's Tower**) atá lonnaithe gar do shráidbhaile Dúlainn (**Doolin**) - áit arbh fhéidir leat bád farantóireachta a fháil chuig Oileáin Árann. Thóg duine de shliocht Bhriain **Bóramha, deirtear**, an túr in 1832. Tigh leat radharc leathan den timpeallacht a bheith agat ó ardán féachana ar barr an túir. Ach ar an drochuair, tá scéaltaí barbartha ag baint leis na hAillte. Sna sean laethanta bhí sé de nós ag Taoisigh áitiúla a naimhde a chaitheamh chun bháis thar imill na haille. Agus ó am go chéile faightear conablaigh ainmhithe marbha ar na carraige ag bun na hAillte de bharr timpiste nó eachtra níos measa. Ach den chuid is mó, is iad na hAillte ceann de na ceann scríbe is mó **tóir** turasóireachta sa tír ar chósta Atlantach na hÉireann.



## SCLÉARÓIS IOLRACH - AN IRISH SOLUTION! *Diarmuid Ó Súilleabháin*

Diarmuid Ó Súilleabháin is ainm dom. Tá scéal agam. D'fhéadfadh an scéal bheith brónach! Tháinig Scléaróis Iolrach (**Multiple Sclerosis, MS**) orm cúig bliana ó shin, 2009. Is dóiche go raibh an tinneas orm i bhfad roimhe sin ach bhíos beag beann uirthi. Is cuimhin liom an lá a d'airigh mé nach raibh mo shiúl mar ba chóir. Bhíos i mBaile Brigín ar fheachtas toghcháin le Trevor Sargent ón Chomhaontas Glas. Bhí mo chos chlé ní ba throime. Bhíos á tarraingt i mo dhiaidh agus bhí tuirse orm. Nuair a tháinig mé abhaile chuas díreach go dtí mo dhochtúir. Tar éis deascán trialacha (**battery of tests**) a dhéanamh bhuaill mé le saineolaí. Ba é bun agus barr an scéil go raibh tinnis **MS** orm. Is máchail fhadtarma í. Níl leigheas uirthi ach é a mhaolú le cabhair drugaí. An chomhairle a cuireadh orm ná aclaíocht a dhéanamh gach lá agus dearcadh dearfach a chothú.



Baineadh geit asam i dtús báire ach ós rud nach raibh sé ag cur isteach orm, lig mé i ndearmad é. Bhí fad mo shiúlóide ní ba ghiorra anois ach ba bheag eile a bhí ag déanamh tinnis dom. Bhínn ag siúl ar na sléibhte le blianta, ach anois bhí an saol sin thart. Níor rinne mé mórán machnaimh air ag an am. Is duine gur breá liom aclaíocht. Ós rud go rinne mé neamhaird de gach ní a d'fhéadfadh tarlú dom, bhraith mé nach raibh mé teanntaithe. Thug mé aghaidh ar na hionaid aclaíochta agus ar na linnte snámha. Chomh maith leis sin ní raibh laincisí na hoibre orm!

Diaidh ar ndiaidh d'fhás an **MS**, bhí bata agus trucail 3 roth riachtanach chun siúl. Tamall ina dhiaidh sin bhíos i gcathaoir rothaí anois agus arís. Tháinig an dubh orm. Is ar éigean nár chuas i muinín an óil. Tá an t-ádh orm go bhfuil an teacht aniar ionam go smior. Tar éis tamall tháinig mé chugam féin agus chuaigh mé i ngleic leis an míchumas. Ba é fuascailt na faidhbe ná tionscnamh nua a chothú a d'fhéadfainn a dhéanamh ón gcathaoir. Thart ar 2011 bhí sé ródheacair dom siúl. Cheannaigh mé gluaisrothar chun bheith in ann dul amach faoin aer.

Tá an Ghaeilge tábhachtach dom ó laethanta mo scoile. Cé nach i dteaghlach Gaelach a múnlaíodh mé, bhíos ar bhunscoil sa Ghaeltacht ar feadh trí mhí ach scéal eile é sin agus inseoidh mé é lá eile! Thosaigh mé ag obair chun an Ghaeilge a scaipeadh i mo bhaile féin, Na Sceirí, Fine Ghall, atá in oirthuaisceart Átha Cliath. Rinne mé teagmháil le Gaeilgeoirí eile agus bhí an chéad bhabhta comhrá againn ar 11 Meán Fómhar 2012. Scaipeamar an scéal ansin le fógraí sna nuachtáin áitiúla chomh maith le poiblíocht sna siopaí, sa leabharlann agus sa stáisiún traenach. Diaidh ar ndiaidh cuireadh leis an gcomhlúadar agus anois i nDeireadh Fómhair 2014 tá cúigear duine is tríocha ag comhrá. Bíonn thart ar dheichniúr den bhallaíocht i láthair gach seachtain. Le cois sin tá tionscnamh eile "Maidineacha Caife". Tá an-fhás tagtha ar an gréasán sin le blianta beaga anuas le 23 díobh sin ann faoi láthair, iad scaipthe ar fud Átha Cliath agus bíonn tinreamh seachtainiúil thart ar dheichniúr ag gach ceann acu.



### EMPIRE STATE BUILDING

An bhfuil sé de rún agat cuairt a thabhairt ar Nua-Eabhrach? Má tá, seo leid duit. Má tá tú ag smaoineamh ar dhul in airde ar an **Empire State Building**, ná cuir do chuid airgid amú - sula dtéann tú in airde, féach suas ar bharr an fhoirgnimh. Mura mbíonn tú in ann é a fheiceáil ciallaíonn sé sin go bhfuil scamail nó ceo ag clúdach an ardán féachana agus má théann tú suas ní fheicfidh tú faic! Fán mar sin ar lá breá gréine agus beidh tú in ann Nua-Eabhrac a fheiceáil ina iomláine.

**New York! New York!**

### AGATHA CHRISTIE



Rugadh Agatha Christie in 1890 agus d'éag sí i 1976 ag aois 86 bliana. Bhí cáil uirthi mar údar scéalta bleachtair ina mbíodh an bleachtair Beilgeach, Hercule Poirot. Ba bhean an-chumasach í ó thaobh scríbhneoireachta agus samhlaíochta de. Ba é ceann de na drámaí dá cuid a mhair an tréimhse is faide ar stáitse an **West End** ná *'The Mousetrap'* - ar siúl ó 1952 go dtí an lá atá inniu ann. Ach ba é an scannán ba cháiliúla dá cuid ná *'Murder on the Orient Express'*.



## SIÚLÓIRÍ NA hAOINE

Pádraig Mac Éil

Bhí samhradh déanach againn an mhí seo caite agus thapaigh na Siúlóirí le Gaeilge an deis chun an ghrian a bhlaiseadh. Tagann an grúpa seo le chéile gach Aoine ar 11.00 am i gCearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill, Lár na Cathrach agus tugann siad cuairt ar cheantair nó ar fhoirgnimh shuimiúla. Ar an Aoine dheireanach i mí Mheán Fómhair agus an lá go breá brothallach chuaigh an grúpa go dtí Stáisiún na

Teamhrach agus isteach ar an DART go Stáisiún Uí Mheallain i nDún Laoghaire. Agus muid ar an traein bhíomar ag obair ar son na Gaeilge mar bhí na paisinéirí eile in ann an teanga labhartha a chloisteáil, teanga beo



in úsáid ag gnáth daoine agus ní teanga a bhaineann le leabhair scoile amháin. Shroicheadar Dún Laoghaire gan trioblóid agus faoi spéir ghlan ghorm shiúlamar le taobh na farraige go dtí Túr agus Iarsmalann James Joyce, turas 30 nóiméad nó mar sin. Bhí saorchead isteach againn don fhoirgneamh agus bhí seans againn féachaint ar litreacha, grianghraif agus iarmhais (*possessions*) phearsanta Joyce. Bhí radharc álainn againn ar an gceantar máguaird ó dhion an túir. Insíodh dúinn i dtús faoi eachtra a tharla nuair a bhí Joyce, Oliver St John Gogarty agus Richard Samuel Chenevix Trench ina gcónaí sa Túr i 1904. I lár na hoíche bhí tromluí (*nightmare*) ag Trench nó b'fhéidir go raibh sé ag siabhránú (*hallucinating*). Cheap sé go raibh pantar dubh sa seomra leis agus thosaigh sé ag scaoileadh a ghunnáin leis an tine in aice don áit ina raibh Joyce ina chodladh. Dhúisigh Joyce de gheit. Chiúnaigh Trench agus thit an codladh arís air ach níos déanaí san oíche thosaigh sé ag screadach arís faoi phantar dubh agus shín sé a láimh amach chun greim a fháil ar a ghunnán. “*Na bac leis*”, arsa Gogarty, mar bhí an gunnán aige anois, “*fág fúm é*”. Le sin scaoil sé an gunnán le potaí agus friochtáin a bhí ag crochadh os cionn leaba Joyce. D'éirigh Joyce agus eagla an domhain air, chuir sé air a chuid éadaí, d'fhág an túr agus shiúil ar ais go dtí Baile Átha Cliath! Tá cur síos ar an eachtra seo in “*Ulysses*” le Stephen Dedalus (Joyce), Buck Mulligan (Gogarty) agus Haines (Trench) sa túr. Chonaiceamar pantar, ceart go leor, ach dealbh a bhí ann. Ní go dtí an chathair a shiúlamar nuair a d'fhágamar an túr ach go dtí Deilginis, siúlóid 30 nóiméad nó mar sin. Bhí ainmneacha Gaeilge na sráideanna lán de bhotúin ansin. Chonaic mé ainm sráide amháin litrithe go mícheart i gceithre shlí éagsúla. D'fhillamar go dtí an chathair tar éis cupán tae a fháil. Is breá bheith ar scor nuair a bhíonn an aimsir chomh h-álainn! Is ait an rud é go bhfuil an Túr agus an Iarsmalann ainmnithe do Joyce mar níor chaith sé ach sé lá nó mar sin ann! Ba cheart ainm Gogarty a chur ar an túr. Is eisean a ghlac an túr ar cíos agus a d'íoc as. Bhí saol fada suimiúil aige lán d'eachtraí agus ní bheadh stró ar dhuine taispeántas suimiúil a chur le chéile faoina shaol. As an triúr a bhí sa túr ba ag an Sasanach, Trench, a bhí an tsuim ba mó sa Ghaeilge. D'fhoilsigh sé paimfléad, 32 leathanach (tá cóip de le feiceáil anois sa túr), “*What is the use of reviving Irish?*” Bhí suim mhór aige sa tír agus thogh sé ainm eile dó féin, Dermot. Faraor chuir sé lámh ina bhás féin i 1909, cúig bhliana tar éis eachtra an phantair dhuibh. B'fhéidir go raibh meabhairghalar (*mental illness*) air agus nach raibh sa phantar dubh ach airí (*symptom*) an ghalair. Lá álainn a bhí ann i gcomhlúadar

daoine suimiúla agus scéal le hinsint ag gach duine acu. Má tá fonn ort aclaíocht a fháil agus feabhas a chur ar do chuid Gaeilge téigh go dtí Cearnóg Theach an Tionóil aon Aoine ar 11.00 am. Beidh fáilte Uí Cheallaigh romhat!



## AN SIOPA CARTHANAIS

Máire De Brún

Tá aithne agam ar bhean agus gach uair a fheicim í bíim tógtha leis an gcruth glan deas néata a bhíonn uirthi. Bíonn a bróga breá snasta agus bíonn culaith nó briste agus geansaí deas uirthi. “A Nuala” dúirt mé léi uair amháin agus mé ag magadh, “bíonn tú de shíor ag breathnú an-ghalánta le do chultacha nua á gcaitheamh agat – caithfidh go bhfuil a lán airgid agat”. D’fhéach sí orm agus miongháire ar a béal aici.



“An bhfuil a fhios agat, a Mháire,” ar sise, “faighim mo chuid éadaí go léir sna siopaí carthanais”. Bhain an ráiteas sin geit bheag asam. Cinnte, bhí eolas agam ar an saghas sin siopaí ach níor smaoinigh mé riamh rud a cheannach iontu. Ní rachfá i ndáiríre isteach i siopa mar sin *chun éadaí a cheannach* – an rachfá? B’fhéidir go gceapann daoine áirithe go mbeadh náire orthu bheith feicthe ag dul isteach i siopa mar sin Bhuel, tá athrú intinne tagtha orm faoin gceist sin. Anois, rachainn isteach iontu agus téim isteach iontu!

Agus tú istigh iontu, tá na siopaí cosúil le ‘[Aladdan’s Cave](#)’ agus gach saghas rud iontu. Ó thaobh na néadaí de, go mion-minic is éadaí nár caitheadh riamh iad.

Tugtar éadaí do na siopaí ach amháin nuair nach mbíonn an briste nó an gúna sin ag teastáil ag an duine. B’fhéidir gur bronntanas ab ea é nár thaitin leis nó léi. B’fhéidir péire bróg a bhí rómhór nó róbheag agus in ionad iad a chaitheadh amach tugtar do na siopa carthanais iad. Bíonn daoine ag déanamh ‘*glanadh amach*’ ina dteach agus tagann siad ar rudaí thuas san áiléar a rinneadh glan dearmad orthu na blianta fada ó shin. Ach tá i bhfad níos mó le feiceáil sna siopaí sin ná éadaí. Más léitheoir leabhar tú bíonn togha an rogha agat. D’fhéadfá sean leabhair luachmhar a fháil mar go minic ní thuigeann an té a mbíonn á dtabhairt don siopa an luach a bhíonn orthu. Bíonn seoda mar fháinní chluaise, mar mhúincí agus mar fháinní le fáil ach go pearsanta níor mhaith liom fáinne pósta de dhuine eile a chur ar mo mhéar. Agus bréagáin do na páistí - bíonn siad ann freisin. I ndáiríre ní bhíonn a fhios agat cad a bhíonn ann sa siopa go dtí go dtéann tú isteach tú féin. Uaireanta bíonn bailiúchán de stampaí, de seanghrianghraf nó de ceirníní á dhíol – rudaí a mbeadh suim ag bailitheoir iontu b’fhéidir.

Ach ní chóir dúinn dearmad a dhéanamh ar an bpríomhchúis go bhfuil a leithéid de siopaí ann. Is chun cabhrú leo siúd nach bhfuil chomh maith as linne sa tsocháí – leo siúd atá ar bheagán ioncaim. Téann gach euro díreach chuig na bochtáin. Mar sin, an chéad uair eile agus tú ag spaisteoireacht thar siopa carthanais, buail isteach chuige, táim ag ceapadh go mbeidh ionadh mór ort.

## IS MISE CALAMITY JANE

Eithne Meredith

An bhfuil aon duine cosúil liomsa, “Calamity Jane”? Chuaigh mé ar mo laethanta saoire go Corcaigh. Bhí an lá an-te. Bhíomar ar an mbus agus bhí na suíocháin déanta de leathar. Bhí siad míchompordach mar bhí siad te freisin. D’oscail daoine na fuinneoga ach ní raibh mé in ann mo fhuinneog a oscailt mar tá mé beag. Ar aon nós bhí gruaig na mná a bhí taobh thiar liom feistithe agus níor



maith léi an fhuinneog a oscailt. Sheas mé ó mo shuíochán. Bhí buidéal oráiste i mo lámh agam agus bhí sé oscailte. Dhoirt an t-oráiste amach ar sciorta na mná agus ar bhrístí a fir chéile. Dúirt mé “*Gabh mo leithscéal. Is mise Calamity Jane*”. Nuair a stad an bus ag bialann chuaigh mé isteach. Chuaigh mé suas an staighre agus chuir mé mo lámh amach chun breith ar an mbalastar. Ní raibh fhios agam go raibh freastalaí ag teacht aníos agus chuaigh mo lámh isteach i bpláta éisc agus sceallóg. Thit an t-iasc amach ar an urlár. Sin an fáth a dtugtar “Calamity Jane” orm!



## BUNREACTH LOCHTACH NA STÁT AONTAITHE Ben Mac Lochlainn

Táimid go léir braon de bheith ag éisteacht sa mheán cumarsáide faoi: ‘ionsaí gunna i scoil nó campas éigin i Meiriceá - X uimhir maraithe’. Ná ceisteanna céanna á gcur – ‘conas is féidir rud mar sin a tharlú?’, *Cén fáth nach féidir leo rud éigin a dhéanamh faoi líon na ngunnaí atá ann agus an fháil éasca atá orthu?* Tá sé dochreidte a thuiscint ach ní rud nua é do dhaltaí scoile bás a fháil in oidheanna mar thoradh ar mí-úsáid na narm seo. Maraíodh naonúr an 26 Iúil 1764 (míle seacht gcéad seasca a ceathair) in Greencastle, Pennsylvania agus tá sé ag leanúint ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann bliain i ndiaidh bliana. Ón bhliain 2000 go dtí 10 Meitheamh 2014, i lámhaigh scoile ([school shootings](#)) fuair 101 duine idir dhaltaí agus mhúinteoirí bás agus gortaíodh 109 eile.



Ach is é an fhianaise is déanaí ar cé chomh amaideach is atá an dlí seo ná an tragóid a tharla in [Dolan Springs](#), in Arizona an 26 Lúnasa nuair a mharaigh cailín naoi mbliana d’aois a teagascóir. Bhí an cailín óg ag foghlaim conas meaisínghunna Uzi a láimhseáil. De réir na dtuairiscí d’aisléim an gunna nuair a scaoil sí é agus maraíodh an teagascóir. Ar chúis nach bhfuil ciall leis, bhí tuismitheoirí an chailín ar an láthair ag an am ag féachaint uirthi!

Is í an fhadhb atá ann ar ndóigh ná go bhfuil cead ag an saoránach gunna a bheith acu de réir Bhunreacht na Stáit Aontaithe. I Leasú a Dó, Alt a Cúig don Bhunreacht den 15 Nollag 1791 (23 bliana tar éis an áir i 1764) deimhnítear cearta an tsaoránaigh airm a iompair agus a shealbhú chun mílíte a chruthú chun slándáil stáit saoir a chosaint - nó as Béarla: [Amendment 2 of Article 5, ‘A well regulated Militia, being necessary to the security of a free State, the right of people to keep and bear Arms, shall not be infringed’](#). Táthar ann sna Stáit a deir ‘*maith go leor, ach tugadh an leasú seo isteach 223 bliana ó shin nuair a bhí fíor-chontúirt ann do dhaoine ó indiaigh i dtír fhiáin agus in áit a bhí gan smacht. Tá sé as dáta anois agus ba chóir dúinn fáil réidh leis*’.

Tar éis an áir a tharla in Isla Vista ag Ollscoil California an 23 Bealtaine 2014 inar maraíodh seachtar mac léinn agus gortaíodh trí dhuine déag eile, rinne Uachtarán Obama iarracht rud éigin a thabhairt isteach chun fadhb na ngunnaí a mhaolú ach chuaigh go leor daoine sa Chomhdháil ar Capital Hill ina aghaidh. Ina measc siúd a chur ina choinne bhí an cumann cumhachtach sin an [National Rifle Association](#) agus go leor polaiteoirí ó dhá thaobh an tí. Agus an cur in aghaidh sin a fheiceáil tá sé deacair bheith dóchasach go dtiocfaidh feabhas ar an scéal go luath sa toadhcháil.

### AG GLAOCH AR SCRÍBHNEOIRÍ

Seo an 10ú heagrán den iris. Ní **rabhamar** cinnte nuair a thosaíomar é go mbeimis in ann 12 leathanach a líonadh gach mí ach d’éirigh linn go nuige seo. Uaireanta bíonn ar bheirt againn an iomarca a scríobh. B’fhéarr linn ailt ó dhaoine eile a úsáid. Beagán de mhórán (údar) a mhéadaíonn do dhúil! Mar sin táimid ag déanamh achainí ([appeal](#)), a léitheoirí. Ba mhaith linn ailt a fháil uaibh don iris. Tá scéal amháin ag gach duine. Is féidir leat scríobh faoi rud a tharla duit féin, nó, má tá suim agat sa stair, sa tseandálaíocht, sa cheol, san fhaisean, sa **nadúr**, san eolaíocht, agus araile, scríobh alt dúinn ar an ábhar sin. B’fhéarr linn an t-alt a bheith clóbhuailte in [Times New Roman Font 12](#). Alt de 250-300 nó 450-500 focal is fearr dúinn. Is féidir linn cinn níos faide a úsáid freisin, b’fhéidir tar éis iad a roinnt ina dhá leath. Má tá grianghraf maith a bhaineann le d’alt chur chugainn freisin é. Sheol ríomhphost chuig [antaobhothuaidh2014@gmail.com](mailto:antaobhothuaidh2014@gmail.com). Ná bí róbhuartha faoin ngradamach mar déanaimid iarracht an ghramadach a cheartú. Uaireanta bíonn orainn rudaí a ghearradh amach chun an t-alt a chur in oiriúint don spás atá sa bhosca téacs. Beatha teanga í a labhairt (maidineacha caife agus ciorcail comhrá) agus buanú teanga í a scríobh (cúis bhunú na hirise seo). Mar sin bain triail as alt a scríobh. B’fhéidir go mbeidh tú ag foilsíú leabhair amach anseo!





## RÉ ÚR DON RÍOCHT AONTAITHE

Scott De Builteir

Is é an mana a bhí ag dul thart, le linn an fheachtais ná nach raibh aon tír ann riamh a dhiúltaigh neamhspleáchas ó thír eile. Nílím iomlán cinnte gur fíor é sin – tá toil na nOileán Falkland ina sampla maith – ach pé scéal é, chonaic muid toradh stairiúil i lár Mheán Fómhair. Chinntigh formhór mhuintir na hAlban gan scaradh ón Ríocht Aontaithe. Is cinnte go raibh iontas – agus roinnt díomá – ar go leor Éireannach agus Briotanach i ndiaidh dóibh an toradh a chloisteáil, ach céard a tharlófar amach anseo?

Bhí Gordon Brown – laoch an fheachtais 'Cha Bu Chòir' (Níor Chóir; **No**) – ag déanamh cinnte go bhfanadh Westminster dílis dá gheallúint chun tuilleadh cumhachtaí a thabhairt do Phàrlamaid na h-Alba, ach is cosúil go bhfuiltear fós ag fanacht lena bhfeiceáil. Níl tásca ná tuairisc feicthe ag an méid a bhí i ndán d'Albain – dar le Cameron, Clegg agus Miliband – dá bhfanfaidís san Aontacht. An bhfuil Londain ag dul siar ar an méid a gheall sí? Faraor, is cosúil go mbeadh cúrsaí polaitíochta rómhall le bheith cinnte faoin am seo, ach ní tús maith é don ré 'beagnach-nua' seo d'Albain.

Tá ceist eile ann anois, maidir le neamhspleáchas na dtíortha eile sa Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann san áireamh. Bhí Martin McGuinness ag iarraidh pobalbhreithe ar cheist na teorann, ach de réir suirbhé a bhí déanta ag an *Belfast Telegraph* le déanaí, is cosúil nach mbeidh aontú na hÉireann ar na cártaí laistigh den fiche bliain seo chugainn, má tharlóidh sé ar chor ar bith. Ní féidir a dhiúltú go bhfuil geilleagar Thuaisceart Éireann faoi thacaíocht – agus á maoiniú – ag rialtas Londan, ach ní ionann sin is a rá go mbeadh rialtas Átha Cliath ní ba fearr don cheantar.

Tá ceist an neamhspleáchais don Bhreatain Bheag níos laige anois, dar liom, ná mar a bhí sé riamh. Cé go bhfuil an páirtí náisiúnaíoch, Plaid Cymru, cáiliúil go leor, is cosúil nach ionann lucht tacaíochta an pháirtí agus lucht tacaíochta 'Cymru' saor. I gcomparáid le bás na hAlban, tá seans maith ann go bhfuil sé ina thuairim d'fhormhór na mBreatain go mbeadh a dtírín féin róbheag chun leanúint ar aghaidh ina aonar.

Agus céard faoi Chorn na Breataine? Níos laige ná na Breatainigh, ar shlí amháin, ach tá seans ann chun parlaimint a bhunú in Truro go fóill. Cén fáth? Níl tacaíocht ag na Cornaigh ón mBreatain Bheag a thuilleadh, ach ó Shasana. Tá go leor Sasanach ag iarraidh déileáil lena gcuid cúrsaí féin, gan feisirí ó na tíortha Ceilteacha a bheith ag caitheamh vótaí faoin tír nach bhfuil cónaí orthu inti. Is féidir go fóill go mbeadh parlaimint le bunú in Birmingham, an dara chathair is mó i Sasana, nó i Manchain b'fhéidir. Má tharlaíonn a leithéid, b'fhéidir go mbeadh Mebyon Kernow – mic Chorn na Breataine – ag glacadh suíocháin ina chuid féin den mBreatain.

Ach céard faoi na hAlbanaigh féin? Mar a chonaic muid, rinne siad a gcinneadh féin faoi neamhspleáchas, ach is **cinnte** go mbeadh athrú na Ríochta Aontaithe le feiceáil sár i bhfad.

## TRIÚR A RUGADH I MÍ DHEIREADH FÓMHAIR


### OSCAR WILDE

Rugadh é 16 Deireadh Fómhair 1854. Tá clú air mar dhrámadóir (“*An Ideal Husband*,” “*The Importance of Being Earnest*”), gearrscéaláí (“*The Happy Prince & other stories*”), úrscéaláí (“*The Picture of Dorian Gray*”) agus file (“*The Ballad of Reading Jail*”). D’éag sé in aois a 46 bliain ar an 30 Samhain 1900.



### EUGENE O’NEILL

Rugadh é 16 Deireadh Fómhair 1888. Drámadóir ab ea é a ghnóthaigh an Duais Nobel i 1936. D’úsáid sé stíl an réalachais agus teanga an phobail Mheiriceánaigh ina chuid drámaí cáiliúla - “*Long Day’s Journey into Night*,” “*The Iceman Cometh*,” “*A Moon for the Misbegotten*”). D’éag sé in aois a 65 bliain ar an 27 Samhain 1953.



### DYLAN THOMAS

Rugadh é sa Bhreatain Bheag, 27 Deireadh Fómhair 1914. File ab ea é agus i measc a dhán tá “*Do not go gentle into that good night*”. Scríobh sé dán-dráma cáiliúil do ghuthanna freisin, “*Under Milk Wood*”, agus scéalta “*A Child’s Christmas in Wales*”. D’éag sé ar an 9 Samhain 1953 agus gan é ach 39 bliana d’aois.






## EBOLA - AN ÉIPIDÉIM IS DÉANAÍ

Pádraig Mac Éil

Tá eipidéim ann faoi láthair, Fiabhras Fuilreatha (**haemorrhagic**) Ebola. Thosaigh sé sa Ghuine i mí na Nollag 2013 agus leathnaigh sé amach go dtí na tíortha máguaird, Siarra Leon agus an Libéir. Is sna trí thír sin atá an uimhir is mó cás agus is mó bás go nuige seo – 1,199/739, 2,437/623 agus 3,834/2,069 faoi seach. Tá bás-ráta ard, 50%-90%, ag baint leis an ngalar. Bhí cáis sa Nigéir (20/8) agus sa tSeineagáil (1/0) freisin agus, le déanaí, tharla cáis i Stáit Aontaithe Meiriceá agus sa Spáinn. De réir na saineolaithe beidh cáis sa Fhrainc agus b'fhéidir i Sasana roimh dheireadh na míosa seo. Is galar víris é Ebola agus ceaptar go raibh an víreas i bhfolach in ialtóga na meas (**fruit bats**). Itear feoil na n-ialtóg san Afraic Thiar. Is ón bhfeoil amh (**raw**) a thagann an baol.



Thángthas ar an víreas ar dtús i Yambuku, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó i 1976 agus ainmníodh é ó ainm abhann sa cheantar. Idir sin agus 2013 tuairiscíodh 1,716 cáis. San eipidéim reatha bhí beagnach 7,500 cáis agus 3,439 bás go deireadh na míosa seo caite.

Tosaíonn na hairíonna (**symptoms**) idir dhá lá agus trí seachtaine tar éis teacht i dteagmháil leis an víreas le fiabhras, scornach tinn, pian sna matáin agus tinneas cinn. Ansin bíonn urlacan (**vomiting**), buinneach (**diarrhoea**), gríos cnis (**skin rash**) agus mífheidhm an ae agus na nduán ag na daoine ionfhabhtaithe (**infected**). Bíonn fuiliú inmheánach agus fuiliú seachtrach (**external**) ag na hothair freisin. Bíonn an víreas sna sreabháin choirp (**body fluids**) agus is ó theagmháil leosan a fhaigheann duine an galar.

Tá sé riachtanach córas maith coisc agus rialú ionfhabhtuithe (**infection prevention and control**) a chuir i bhfeidhm chun srian a chur ar leathnú an ghalair. Caithfear an t-othar a chur i seomra leithlise (**isolation**) agus éadaí cosanta le fallaing mháinliachta (**surgical gown**), masc aghaidhe, spéaclaí cosanta agus lámhainní cosanta ar aon duine a thagann i dteagmháil leis. Caithfear córais mhaithe steirilithe agus díghalraithe (**disinfection**) a chur i bhfeidhm freisin. Chomh maith le himpleachtaí báis agus bheatha beidh tionchar ar an ngeilleagar freisin san Afraic agus sa chuid eile den Domhain. Tá Tástáil Vacsaíne Ebola ar siúl faoi láthair sa Mhailí ach tá sé róluath a rá an mbeidh an vacsaín éifeachtach.



Tá súil agam go bhfuil plean éigeandála réitithe ag an Rannóg Sláinte Poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ag an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris (**National Virus Reference Laboratory**) chun dul i ngleic le haon chás Ebola a shroichfidh an tír seo.

## MÓRTAIS NA SEIRBHÍSE CHABHLAÍ




Seo an long is nuáí don Chabhlach - **LÉ Samuel Beckett**. Tá fad 90 méadar uirthi agus foireann de 44 chomh maith le 14 dhuine faoi oiliúint. Beidh comhlong (**sister ship**) ag teacht i seirbhís an bhliain seo chugainn, an **LÉ James Joyce**. Bhíodh sé de nós ainm baininsneach agus Gaelach a thabhairt do longa nua mar shampla - **LÉ Órla**, **LÉ Deirdre**, **LÉ Aoife**, srl., ach is dócha go bhfuil nós nua i réim anois. Nach mbeadh '**Gráinne Mhaol**' i bhfad ní ba **oiriúnaí** di mar ainm?



# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-10

TRASNA

SÍOS



1	I break( 6)	2	javelin (4)
4	sentence (6)	3	ankle (6)
9	journey (7)	4	transferee (6)
11	image (7)	5	asthma (4)
12	black (4)	6	scrap (7)
13	laugh (5)	7	morning (6)
15	storm (4)	8	year (6)
17	infant (3)	10	jams (5)
19	news (6)	14	leash (4)
21	video (6)	16	west (5)
22	July (4)	18	breast (5)
23	income (6)	20	start (3)
25	eight (6)	23	banquet (6)
30	soul (4)	24	I follow (7)
31	twins (5)	26	comatose (7)
32	amber (4)	27	law (6)
35	certificate (7)	28	causation (6)
36	tomorrow (7)	29	meadow (6)
38	buck (3)	33	stop (4)
39	make-up (6)	34	pope (4)
40	niece (6)	37	wrinkle (3)



## CUARDACH FOCAL 10

éisc (úruisce) / fish (freshwater)



B	R	I	T	L	A	N	É	L	R	I	A	D	U	B
O	S	Í	Ú	L	S	M	U	A	L	G	T	Ú	S	N
D	E	A	B	U	A	N	Á	D	A	R	B	Í	Á	Á
A	M	B	H	O	É	E	C	R	Ó	I	S	L	T	E
R	Ó	S	É	A	D	T	M	A	B	O	L	P	N	L
L	L	É	P	Ó	L	A	N	S	E	O	I	L	Á	L
Í	T	A	R	Ú	C	H	I	N	P	R	U	Á	M	O
C	A	E	R	H	B	A	U	R	U	Á	B	N	A	B
E	E	T	Á	R	Ú	A	N	P	L	O	R	Á	R	R
T	S	N	R	H	Ó	R	Á	N	Í	Í	A	A	Ú	E
S	R	Ú	C	A	E	R	B	A	U	R	N	N	C	A
I	E	N	I	G	O	L	O	B	R	N	G	Í	E	D
Ó	I	R	É	L	P	L	L	A	Ó	A	R	M	A	Á
R	P	E	S	R	I	É	P	G	L	L	Á	M	R	N
N	A	D	R	B	R	E	A	N	Á	U	R	U	B	M

bradán (salmon)	liús (pike)
bran (bream)	perch (péirse)
brannóg (Gobio gobio)	plobán (chub)
breac (trout)	pollán (pollan)
bodairlín (minnow)	róiste (roach)
cúramán (tench)	ruabhreac (char)
déas (Dace)	ruán (rudd)
garmachán (stickleback)	smealt (smelt)



## GAIRM SLÓGADH DO GHAOLTA TRODAITHE CÁSCA 1916

Bhí mórchruinniú ag Cumann Gaolta 1916 in Óstlann Alexander, Sráid na bhFíníní, ar an Domhnach 12 Deireadh Fómhair. Cuireadh an t-eagras ar bun chun moltaí agus smaointe gaolta daoine a throid in Éirí Amach na Cásca 1916 a chur in iúl don Rialtas. Níl aon rud socráithe fós ag muintir Theach Laighean faoi cad a bheidh an Stát ag déanamh chun Céad Bliain Éirí Amach na Cásca a chomóradh. Ceapann a lán daoine anois nach bhfuil croí Enda agus a thacadóirí sa chomóradh in aon chorr. B’fhearr leo dearmad a dhéanamh d’íobairtí na bhfear agus na mban a sheas i gcoinne na himpireachta is mó a bhí ar domhan chun saoirse agus neamhspleáchas a fháil don tír. Tá fhios againn ó scéalta an Choimisinéara Teanga agus Aire Stáit na Gaeltachta cad a cheapann Fine Gael agus an Lucht Oibre faoin nGaeilge. Níl aon fhianaise go mbeadh na polaiteoirí eile mórán níos fearr. Tír gan teanga is tír gan anam. Tír gan mheas ar a stair is tír do dhaoir í. Mar sin seol do sheoladh ríomhphoist agus seoltaí do ghaolta uile chuig **1916relatives@gmail.com**. Tabhair dóibh ainm do ghaoil a throid i 1916 agus ainm na háite ina raibh sé nó sí. Níl tine Éirí Amach na Cásca 1916 múchta ag na Briotanaigh Iartharacha fós. Múscail do mhisneach a léitheoir agus bí san airdeall! Ná dean dearmad fúthu coíche.



### RABHADH - WARNING!



A léitheoir dílse - ná déan dearmad (ach táim ag ceapadh go bhfuil eolas agat faoi, faoi seo) go mbeidh ár gcéad bhilí uisce ag teacht isteach trí na doirse an 1 Eanáir seo chugainn. Ciallaíonn sé sin go mbeidh na méadair uisce ag feidhmiú ó 1 **Deireadh Fómhair**. Mar sin, an t-airgead a bhfeicfidh tú ar do bhille i mí Eanáir beidh sé á chaitheamh agat i nDeireadh Fómhair, i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

#### CROSFHOCAL BG XBG-9: RÉITEACH

1	D	I				2	L	Á	I	3	M	H	4	S	E	Á	I	5	L	
	U		6	G	A	F	A				Á			Á					Á	
7	G	R	Á				G				8	L	A	I	G	9	E		C	
	A		I			10	T				A		L		I				H	
		11	G	R	I	A	N			12	F		13	L	E	I	T	E		
		14	A	E		O					Í		Á		E					
15	A	B		16	T	I	O	M	N	A								17	I	
		H		D			E				18	B		19	A	O	L			
20	B	A	I	L	E			21	I	O	L	22	A	R					N	
	O								G		23	R	Ó	24	N				T	
25	S	E	A	26	B	H	27	A	28	C		29	B		30	N	Á	I	R	E
				O			31	T	R	E	O								Á	
32	C	Ú	33	I	G	E		Á			34	T	I	O	35	M	Á	I	N	
	E		T				36	I			Ú								L	
37	O	C	H	T			38	M	E	Á	N	Ú	I	L						

#### CUARDACH FOCAL 9: RÉITEACH

F	M	F	Í	O	P	H	F	Ó	N	A	I	P	P	S
I	A	C	I	G	N	E	C	Í	L	A	L	A	B	C
F	N	A	R	D	O	B	T	A	F	H	Ó	I	O	L
N	D	Í	Á	U	I	R	D	O	B	C	M	N	D	Á
Í	I	Ó	T	F	I	D	I	L	N	A	A	Ú	H	I
D	L	E	O	A	É	T	M	N	I	E	I	T	R	S
R	Í	S	S	N	G	F	C	N	Á	S	P	S	Á	R
I	N	N	G	O	A	F	D	H	I	R	D	Í	N	Á
A	O	I	B	D	E	I	R	Á	L	I	Ú	T	Ú	L
C	B	A	L	A	L	Á	I	C	E	Á	A	I	I	C
O	E	B	D	I	S	A	R	T	Í	L	R	Ú	C	H
F	N	Ó	N	T	I	Ú	I	H	F	C	I	I	N	T
C	G	I	O	T	Á	R	C	R	D	T	Ú	L	Ú	O
S	A	I	A	L	Á	P	N	A	I	O	Í	F	E	R
M	G	R	I	P	Í	A	M	Ó	Í	A	B	S	Ú	C

#### SEANFHOCAL

I ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin  
Rome was not built in a day



## NA CURAIDH - PLUS ÇA CHANGE!

Pádraig Mac Éil

Ní raibh sé ar an gcluiche is fearr a chonaic mé riamh ná cóngarach dó. Cluiche ina raibh an bhéim ar an gcosaint níos mó ná ar an ionsaí ab ea é. Is fíor gur éirigh le Ciarraí dhá chúl a fháil ach d'aimsigh Paul Geaney an chéad cheann sa chéad nóiméad den chluiche sula raibh na cosantóirí eagraithe i gceart agus scóráil Kieran Donaghy an dara cheann nuair a rinne cúl báire Dhún na nGall, Paul Durcan, botún ag speachadh an liathróid amach díreach chuige. Thapaigh Durcan an deis agus d'aimsigh sé an cúl. Ba é an scór sin a bhí idir na foirne ag an deireadh. Cé gur choimeád Dún na nGall céim ar chéim le Ciarraí sa chéad leath agus go raibh siad ar comhscór ag leath-am (1-03 i gcoinne 0-06) ba é an 28ú nóiméad sular bhain siad scór amach díreach ón imirt. Tháinig na scóir roimhe sin ó chiceanna pionóis. Bhí siad chun tosaigh go luath sa dara leath ach ansin tharla botún Durcan. Bhí seans ag Colm McFadden sa dara nóiméad d'am breise na foirne a chur ar comhscór ach bhuail a speach i gcoinne an chuaille agus bhí a 37ú bua sa Chluiche Ceannas ag muintir na Ríochta.



San iománaíocht bhí an athimirt idir Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann go maith agus go spreagúil ach níor shroich sé an caighdeán céanna leis an gcéad chluiche idir na foirne. Dáiríre níor cheap aon duine go sroichfí. Bhí tosach maith den chluiche ag Tiobraid Árann agus cé gur tháinig Cill Chainnigh ar ais bhí fir Thiobraid Árann chun tosaigh 1-07 i gcoinne 0-08 ag leath-am. Ach sciob cúl ó na deartháireacha de Paoir (Richie & John Power) sa dara leath Corn Liam Mhic Cártaigh ó lámha na bhfear gléasta i ndath gorm agus ór. Ag an deireadh bhí farasbarr (*excess*) de trí chúlín ag na Cait le 2-17 i gcoinne 2-14, an 35ú bua acu sa Chomórtas. Rinne a mbainisteoir, an draíodóir Brian Cody, a dhraíocht arís le Kiernan Joyce a chur san fhoireann. Thug an Seoigheach sár-thaispeántas mar leathchúláí láir. B'ardú meanman é óráid Chaptaein Chill Chainnigh, Lester Ryan, agus é ag glacadh leis an gCorn. Bhí sé go hiomlán as Gaeilge. Tréaslaím é féin as ucht a óráide agus a imeartha agus tréaslaím imreoirí an dá fhoirne a d'imir sa dá chluiche. Is laochra iad uile.



Comhghairdeas freisin le Brian Cody as deich gCraobhchomórtas a bhuachan mar bhainisteoir agus le Henry Shefflin an chéad imreoir le deich mbonn mar bhuaiteoir.

I gCluiche Ceannais Peil na mBan rinne Corcaigh ceann de na teacht ar ais (*come-back*) ab fhearr le fada. Bhí siad deich gcúlín chun deiridh ar Átha Cliath agus gan ach 15 nóiméad fágtha sa chluiche. Níl fhios agam cad a tharla ansin. Is dócha gur dheachaigh díriú (*concentration*) Átha Cliath i léig agus threisigh misneach Corcaíoch ag an am céanna. Ach mar a deirtear ná bainfear deireadh dúile de go fóill agus gabhann uabhar roimh thubaiste. Ar aon nós tháinig na mná i ndath dearg ar ais agus bhuaigh siad 2-13 in aghaidh 2-12. Ba throm an buille an chailliúint do mhuintir Átha Cliath. Ba ea an 9ú bua ag Corcaigh ó 2005.



## TÚS MAITH - TUILLEADH LE DÉANAMH

Pádraig Mac Éil

Championnat d'Europe de football 2016



Tá deich gcluiche le himirt ag foireann sacair na hÉireann sula mbeidh fhios againn an mbeimid ag taisteal go dtí an Fhrainc i 2016 do Chraobhchomórtas na hEorpa sa sacar. D'éirigh leo go maith sna trí chluiche thosaigh. Bua maith, 2-1, a bhí sa chluiche i gcoinne na Seoirsia, go háirithe agus é imeartha in Tbilisi. Bíonn deacracht againn i gcónaí cluiche mar sin a bhua-chan. D'aimsigh Aidan McGeady dhá chúl, an dara ceann, ceann iontach dhá nóiméad ón deireadh, chun trí phointe a fháil d'Éirinn. Bhíomar ag tnúth le bua i gcoinne Giobráltair san Aviva ach ba dheas an rud é go bhfuairamar seacht gcúl. Bíonn difríocht cúl tábhachtach go minic sna comórtais seo. Ba é an cluiche i gcoinne na Gearmáine an ceann ba dheacra. Is curadh an Domhain iad agus bhí an cluiche féin sa Ghearmáin. Ach chríochnaigh sé ar comhscór nuair a d'aimsigh John O'Shea cúl in am breise. Ní féidir linn aon ghearán a dhéanamh faoi chéad chuid an aistir fhada. Tá seacht gcluiche fós le himirt againn agus níor chasamar ar an bPolainn fós. Inseoidh an aimsir.

Tír	imear	bua	comh scór	caill.	ar son	i gcoinne	dif	pointí
An Pholainn	3	2	1	0	11	2	+9	7
Éire	3	2	1	0	10	2	+8	7
An Ghearmáin	3	1	1	1	4	4	0	4
An tSeoirsia	3	1	1	1	3	4	-1	4
Giobráltair	3	1	0	2	4	3	+1	3
Albain	3	0	0	3	0	17	-17	0